Boinn a Ghlanadh

Aimsíodh bailiúchán déantán ó thochailt seandálaíochta.
Ní mór na déantáin sin a ghlanadh ionas go mbeidh muid in ann iad a aithint, ach is gá a bheith cúramach nach ndéanfar damáiste dóibh.

Déanfaimid tástáil i dtús báire ar ghlantóirí éagsúla ar bhoinn, ionas nach ndéanfar damáiste do na déantáin.

Tabharfar na nithe seo a leanas do gach grúpa:

- Potaí beaga ina mbeidh substaintí (m.sh.: ketchup, mustard, fínéagar, uisce, bainne, sú oráiste, srl.)
- Bonn le haghaidh gach substainte agus baitín cadáis chun an tsubstaint a chur ar an mbonn.

Beidh ar gach grúpa cinneadh a dhéanamh conas a chuirfidh siad an tsubstaint ar an mbonn, m.sh.: braon den tsubstaint a fhágáil air, an tsubstaint a chuimilt isteach ann, an tsubstaint a chur ar leath de (chun na hathruithe ar gach ceann acu a fheiceáil, srl.).

Is gá do gach grúpa tuairisc a scríobh ar na torthaí trí na substaintí a rangú agus iad a phlé leis na daltaí eile.

Ceisteanna a chabhróidh leat smaoineamh:

- Conas a bheidh a fhios agat cé acu an tsubstaint ghlantacháin is fearr?
- Cé acu an glantóir is fearr, dar leat féin? Cén fáth?
- Cé acu is measa ag glanadh na mbonn, dar leat féin? Cén fáth?
- An síleann tú go raibh an modh a úsáideadh cothrom?
- Conas a d'fhéadfaimis feabhas a chur ar chothroime agus muid ag cur substaintí i gcomparáid lena chéile?

Údar: Mairéad Holden & Lorraine Harbison
Aistritheoir: Néamhann Ní Dhonnghaile
Tasc curtha in oiriúint ó TAPS le caoinchead